

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Scoil Neasáin
Baile Hearman, Baile Átha Cliath 5
Uimhir rolla: 19309L

Dáta na cigireachta: 27 Bealtaine, 2011



1. Réamhrá

Is scoil chomhoideachasúil, lán-Ghaeilge í Scoil Neasáin. Is scoil Chaitliceach í faoi phátrúnacht Ardeaspag Bhaile Átha Cliath. Tagann daltaí chuig an scoil ón gceantar máguaird i mBaile Átha Cliath 5 agus ó tríocha a cúig paróiste difriúil. Tá 247 dalta rollaithe sa scoil.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Comhoibríonn gach ball de phobal na scoile go fíoréifeachtach chun leasa na scoile agus na ndaltaí.
- Tugtar togha na haire do chothú na Gaeilge agus cothaítear atmaisféar sona ina ndéantar meas agus cion ar oidhreacht agus ar chultúr na hÉireann a chur chun cinn.
- Feidhmíonn an bord bainistíochta go héifeachtach agus glacann na baill páirt lárnach i saol na scoile.
- Tá tionchar an-dearfach ag ceannaireacht dinimiciúil an phríomhoide ar gach gné d'obair na scoile agus faigheann sí comhoibriú toilteanach ón bhfoireann bainistíochta inscoile.
- Sonraítear ardchaighdeán teagaisc sa scoil agus tá ghnóthachtáil na ndaltaí sna hábhair a deineadh measúnacht orthu le moladh.
- Cuirtear tacaíocht ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu ar bhealach tuisceanach agus oiriúnach.
- Tá na daltaí le moladh as a gcuirteis agus as an bpáirt fhonnmhar a ghlacann siad i ngníomhaíochtaí foghlama agus saol na scoile.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- B'fhiú tástáil fhoirmiúil don Ghaeilge a dhéanamh agus chuige seo moltar *Próifíl Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge* le Gearóid Ó Siaghail agus Cristín Déiseach.
- Moltar go ndéanfadh an bord oidí a dháileadh de réir sceidil um sholáthar agus um cheapachán foirne (Ciorclán 0021/2010).

3. Cáilíocht bhainistíochta na scoile

- Léiríonn an bord dúthracht agus é i mbun riar na scoile. Glacann na baill páirt ghníomhach i saol na scoile. Tionóltar cruinnithe go tráthrialta agus coimeádtar miontuairiscí go cúramach. Glacann an bord páirt lárnach sa phróiseas pleanála uile-scoile.

- Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí sa scoil seo. Déantar an-iarracht cumarsáid rialta a dhéanamh le pobal na scoile agus chuige sin foilsítear nuachtlitir go rialta. Is inmholta an úsáid a bhaintear as meáin éagsúla chun teagmháil a dhéanamh le pobal na scoile, mar shampla suíomh gréasáin na scoile, láithreáin líonraithe sóisialta agus teachtaireachtaí fóin. Pléitear dul chun cinn na ndaltaí ag cruinnithe bliainiúla le thuismitheoirí.
- Léiríonn an príomhoide an-chumas i gceannasaíocht agus i riar na scoile. Tugann sí faoina cuid oibre go proifisiúnta agus díríonn sí aird eolach ar chúrsaí foghlama agus ar an soláthar do dhaltaí. Oibríonn an fhoireann bainistíochta inscoile go han-éifeachtach; buaileann siad le chéile go minic agus éiríonn go geal leo cúrsaí curaclaim, cúrsaí tréadchúraim agus imeachtaí na scoile a eagrú agus a chur chun cinn.
- Tá raon leathan áiseanna teagaisc curtha ar fáil ag údaráis na scoile. Faoi láthair, tá múinteoir ranga ag feidhmiú mar mhúinteoir ranga acmhainne. Tá cúramaí ar leith ag an múinteoir seo a bhaineann le luathlitearthacht, corpoiliúint agus gníomhaíochtaí le ranganna naíonán le linn na bliana ar fad. Mar thoradh ar an ról atá ag oide ranga seo, tá líon na ndaltaí i ngach rang príomhshrutha níos mó ná an uasmhéid atá molta ag an Roinn. Moltar go ndéanfaid an bord oidí a dháileadh de réir sceidil um sholáthar agus um cheapachán foirne (Ciorclán 0021/2010).
- Is léir go bhfuil na daltaí an-sásta agus comhoibritheach sa scoil seo agus tá gaol an-dearfach idir na daltaí agus na hoidí. Sonraítear atmasfeár sona, dearfa sa scoil agus léiríonn freagraí na ndaltaí ar cheistneoirí go measann tromlach mór daoibh “gur scoil mhaith í an scoil seo”.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht na pleanála uile scoile ar leibhéal ard. Déantar pleanáil chuimsitheach do gach gné de riarachán na scoile agus don churaclam. Soláthraítear plean gnímh do gach scoilbhliain. Cinntíonn sé sin go bhféachtar go rialta ar gach gné den phleanáil uile scoile. Is inmholta an bhéim a leagtear ar sainspriocanna agus na socruithe a ndéantar chun iad a bhaint amach. Cuireann an scoil béim shuntasach ar féinmheastóireacht rialta.
- Úllmhaíonn na hoidí scéimeanna fadtréimhseacha agus gearrthréimhseacha chun an fhoghlaim a threorú. Tá na scéimeanna don fhadtréimhse cuimsitheach agus soiléir. Cuirtear béim chuí ar fhorbairt cuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí foghlama. B’fhiú breis tagairt a dhéanamh do dhifreálú sna scéimeanna don ghearrthéarma. Coimeádtar cuntais chuimsitheacha mhíosúla ar an gcuid den curaclam a mhúintear.
- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí*. Tugadh fianaise freisin gur díríodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá ardchaighdeán le sonrú i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Ón tosach, díritear aird ar chruinneas agus ar shaibhreas teanga a chruthú. Tríd an scoil leantar clár theagaisc atá dea-struchtúrtha agus grádaithe. Baintear feidhm as raon inmholta de

mhodhanna múinte agus cuirtear neart fearais ar fáil chun rannpháirtíocht na ndaltaí uile a éascú. Moltar an raon fearais a dhearann na hoidí chun cur leis an mhúinteoireacht agus chun tacú leis an bhfoghlaim. Sonraítear dul chun cinn céimniúil á dhéanamh ag na daltaí thar na snáitheanna curaclaim uile. Tá caighdeán líofachta an-chreidiúnach ag na daltaí i ngach rang agus is féidir leo labhairt go leanúnach faoi théamaí éagsúla. Tá raon leathan rann, filíocht agus amhrán ar eolas acu. Tá stór maith leabhar i ngach rangseomra agus i leabharlann na scoile. Cuirtear le cumas scríbhneoireachta na ndaltaí go héifeachtach. Scríobhann siad go cumasach i seánraí éagsúla agus cuireann a saothar scríbhneoireachta le tarraingteacht na dtaispeántas sna seomraí ranga. B'fhíú tástáil fhoirmiúil don Ghaeilge a dhéanamh agus chuige seo moltar *Próifíl Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge* le Gearóid Ó Siaghail agus Cristín Déiseach.

- Guided by a comprehensive and detailed whole school plan, the school makes very good provision for all strands of the English curriculum. Teachers make effective use of varied teaching methods. Oral language skills are appropriately developed. Pupils take full part in these lessons, discussing themes and topics with interest. Pupils are making very good progress in their English reading. With the help of the resource teacher, the infant classes make very good provision for the development of comprehension and phonological skills. This provision is supported by a strong emphasis on reading as a pastime. Commendable emphasis is placed on differentiation in English, especially in relation to spellings and reading. It is evident that pupils derive enjoyment from the writing process. They write capably in a range of genres.
- *Le treoir plean uile scoile atá mionsonraithe agus cuimsitheach, déanann an scoil freastal an-éifeachtach ar na snáitheanna uile sa churaclam Béarla. Baineann na hoidí úsáid éifeachtach as modhanna éagsúla teagaisc. Forbraítear scileanna teanga ó bhéal go hoiúinach. Glacann na daltaí páirt iomlán sna ceachtanna seo ag plé téamaí agus topaicí le suim. Tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag daltaí sa léitheoireacht Bhéarla. Le cabhair an oide acmhainní, déantar soláthar an-mhaith sna ranganna naíonáin chun a scileanna tuisceana agus fóineolaíochta a fhorbairt. Tugtar tacaíocht don soláthar sin tríd an bhéim láidir a chuirtear ar léitheoireacht mar chaitheamh aimsire. Cuirtear béim inmholta ar idirdhealú sa Bhéarla, go háirithe maidir le litriú agus léitheoireacht. Is léir go mbaineann na daltaí taitneamh as an bproiséis scríbhneoireachta. Scríobhann siad go cumasach i raon seánraí.*
- Baineann na hoidí úsáid an-éifeachtach as modhanna éagsúla múinteoireachta chun an curaclam matamaitice a chur i láthair. Cuirtear béim chuí ar theanga na Matamaitice agus ar mhatamaitic intinne a mhúineadh. Baintear úsáid chruthaitheach as acmhainní agus tugtar deiseanna rialta do dhaltaí obair le hábhair nithiúla, go háirithe i ngrúpaí. Léiríonn na daltaí cumas maidir le réiteach fadhbanna. Ceanglaítear an ábhar go cliste le saol agus le heispéireas na ndaltaí. Tugtar aird chuí ar idirdhealú. Déantar soláthar oiriúnach chun scileanna meastachán agus cumarsáid a fhorbairt. Deántar gach iarracht timpeallacht mhatamaitice shaibhir a chur i láthair. Ag tógáil ar an dea-shaothar a bhí sna hisealranganna maidir le heagrú ghníomhaíochtaí litearthachta, bhíú don fhoireann a leithéid a eagrú don Mhatamaitic.
- Baineann na daltaí an-taitneamh agus tairbhe as an gCorpoideachas. Deántar soláthar cuimsitheach agus struchtúrtha do na snáitheanna curaclaim éagsúla, le béim inmholta ar fhorbairt sainscileanna. Baintear úsáid an-éifeachtach as trealamh agus acmhainní chun scileanna a mhúineadh agus chun daltaí a mhealladh chun rannpháirtíochta. Deántar comtháthú le gnéithe eile den churaclam. Baintear an-úsáid as raon ilghnéitheach de ghléasanna measúnaithe idir bhreathnóireacht oidí, fhéinmheastóireacht na ndaltaí agus thaifid neamhfhoirmiúla.

- Sa scoil seo, tugann na hoidí faoina gcuid oibre le díograis agus le cinnteacht. Léiríonn siad an-suim i ndul chun cinn na ndaltaí agus déantar sáirarracht ceachtanna bríomhaire agus spreagúla a chur i láthair. Baintear úsáid thorthúil agus chruthaitheach as gníomhaíochtaí, acmhainní agus modhanna éagsúla teagaisc. Cothaítear dea-atmaisféar foghlama sa scoil agus tugann na daltaí faoina gcuid oibre le suim agus bród. Tá obair na ndaltaí ar chaighdeán ard agus tugann na hoidí aiseolas rialta, dearfa dóibh ar a ndul chun cinn. Léiríonn freagraí na dtuismitheoirí ar cheistneoirí go measann tromlach mór daoibh go bhfuil ‘an teagasc go maith sa scoil’.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Comhoibríonn an fhoireann tacaíochta foghlama leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ranga chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachasúla acu. Tugtar tús áite do luathaithe deacrachtaí foghlama agus déantar gníomh ina leith. Baintear úsáid as trialacha caighdeánaithe oiriúnacha chun daltaí le deacrachtaí a aithint agus déantar tástáil dhiagnóiseach chun fáthanna a ndeacrachtaí a iniúchadh. Leagtar amach cláir indibhidiúla do na daltaí. Déantar teagmháil le seirbhísí seachtracha nuair is gá chun comhairle a fháil. Baintear feidhm as modhanna múinte oiriúnacha agus úsáidtear acmhainní go torthúil. Déantar athbhreithniú rialta ar spriocanna foghlama na ndaltaí. Coimeádtar mionchuntas ar an dul chun cinn agus bíonn cumarsáid rialta idir oidí ranga agus an fhoireann tacaíochta foghlama. I ranganna na naíonán, tugtar tacaíocht in-ranga do dhaltaí agus déantar freastal ar riachtanais dhaltaí ó ranganna eile i ngrúpaí beaga nó leis na daltaí ina n-aonar. Roinntear eolas ar bhonn rialta le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn na ndaltaí.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Scoil Neasáin buíochas a ghabháil le cigirí na Roinne as an gcúirtéis a léirigh siad do phobal na scoile agus an bealach gairmiúil gur chaith siad le gach duine agus gur thug siad faoin meastóireacht scoile seo.

Tá an-áthas ar Bhord Bainistíochta na scoile go dtugtar aitheantas do shár-obair na foirne sa tuairisc seo chomh maith leis an ngairmiúlacht agus an díogras lena dtugann an fhoireann scoile agus pobal iomlán na scoile faoina gcuid oibre agus cúraimí.

Tá áthas ar leith orainn go dtugtar aitheantas do:

- ard-chaighdeán na múinteoireachta agus foghlama sa scoil
- atmaisféar na scoile agus an ról atá ag gach duine i gcruthú an atmaisféir sin
- bród agus mórtas na bpáistí as a gcuid oibre agus foghlama

Tréaslaíonn an Bord Bainistíochta leis an bhfoireann ar fad, agus gabhann siad buíochas leis na tuismitheoirí agus coistí éagsúla don obair a dhéanann siad agus don tacaíocht a thugann siad don scoil.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

- Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar dháileadh na foirne don scoilbhliain seo chugainn.
- Beidh trialacha caighdeánaithe don Ghaeilge in úsáid sa scoil ó mhí Bealtaine 2012 ar aghaidh.
- Bhí Scoil Neasáin bainteach le tástáil na bPróifílí Measúnachta don Ghaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge nuair a dearadh ar dtús iad agus bhí siad in úsáid sna seomraí ranga ar bhonn neamh-fhoirmeálta go dtí seo. Déanfar athbhreithniú ar úsáid Phróifílí Measúnachta sa Ghaeilge ar bhonn níos foirmeálta le linn na scoilbhliana 2011 - 2012